Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Eanáir 2024
(OR. en)

5476/24

ECOFIN 51
UEM 14
SOC 24
EMPL 17
COMPET 55
ENV 52
EDUC 12
RECH 23
ENER 22
JAI 67
GENDER 8
ANTIDISCRIM 6
JEUN 10
SAN 32

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5022/24 |
| Ábhar: | Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 16 Eanáir 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe, a d’fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Eanáir 2024.

**SUIRBHÉ BLIANTÚIL 2024 DON FHÁS INBHUNAIATHE**

– Conclúidí ón gComhairle –

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS geilleagar an Aontais atá fós athléimneach a bhuí le freagairt bheartais láidir, chomhordaithe agus thráthúil in ainneoin an mhoillithe a tharla in 2023. Tar éis an mhéadaithe shuntasaigh ar phraghsanna fuinnimh, tá gníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas tar éis dul i léig mar gheall ar na costais mhaireachtála níos airde, an laghdú atá tagtha ar an éileamh seachtrach agus toisc an tionchar a bhíonn ag géarú an bheartais airgeadaíochta ar an ngeilleagar. LEAGANN SÍ BÉIM ar mhargaí saothair an Aontais atá fós láidir, a bhfuil rátaí rannpháirtíochta arda agus rátaí ísle dífhostaíochta stairiúla acu, d’ainneoin éagsúlachta ar fud na mBallstát, na réigiún agus na ngrúpaí daonra. AITHNÍONN SÍ, cé go bhfuil méadú tagtha ar éiginnteacht agus rioscaí ar an taobh thíos maidir leis an ionchas eacnamaíoch le míonna beaga anuas, go príomha mar gheall ar theannais gheopholaitiúla agus a n-impleachtaí ar luaineacht na margaí fuinnimh, go bhfuiltear ag súil le téarnamh san fhás de réir a chéile in 2024, agus margadh saothair láidir agus próiseas díbhoilscitheach leanúnach mar thaca leis.

2. AONTAÍONN SÍ, TRÍD IS TRÍD, leis na dúshláin agus tosaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach i Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch: cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht agus cothroime. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá cobhsaíocht eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha uile. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí beartais tapa agus comhordaithe chun iomaíochas agus athléimneacht gheilleagar an Aontais a neartú, agus béim á leagan ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo, go háirithe i ndáil leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach agus an daonra atá ag dul in aois.

3. LEAGANN SÍ BÉIM, cé gur cheart go leanfadh beartais de bheith solúbtha i bhfianaise na héiginnteachta atá ann faoi láthair, ar a thábhachtaí atá seasamh beartais fhioscaigh iomchuí atá iomlán sriantach in 2024 chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú agus brúnna boilscitheacha a sheachaint. IS DÍOL SÁSAMH DI go bhfuil sé beartaithe ag formhór na mBallstát a mbearta tacaíochta fuinnimh a thabhairt chun deiridh agus AONTAÍONN SÍ gur cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a luaithe is féidir in 2024 agus gur cheart leas a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun easnaimh rialtais a laghdú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh straitéis an bheartais fhioscaigh dírithe ar inbhuanaitheacht fhioscach a neartú, maoláin fhioscacha a atógáil, fhás inbhuanaithe níos airde a bhaint amach agus dlús a chur le hathléimneacht an Aontais i leith na ndúshlán a bheidh ann amach anseo. IS DÍOL SÁSAMH DI go meastar go dtiocfaidh méadú ar an infheistíocht phoiblí i bhformhór mór de Bhallstáit an Aontais a rannchuideoidh go mór le hiomaíochas an Aontais a threisiú, agus MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé a áirithiú go n-ionsúfar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile den Aontas go héifeachtach. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann leanúint d’athchóirithe struchtúracha uaillmhianacha agus infheistíocht tháirgiúil a shaothrú, lena n-áirítear i dtosaíochtaí coiteanna, mar shampla an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, slándáil fuinnimh, an táirgiúlacht agus an athléimneacht a neartú, chomh maith le cumais chosanta, agus an Margadh Aonair á chaomhnú ina eilimint riachtanach den uathriail straitéiseach oscailte ag an am céanna. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag infheistíocht phríobháideach i ndáil leis sin.

4. AITHNÍONN SÍ gur gá na creatchoinníollacha a fheabhsú a thuilleadh chun borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach agus táirgiúlacht. Áirítear leis sin an t-ualach riaracháin agus na scrogaill a laghdú trí na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú agus bacainní a bhaint, ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil freisin, agus na scileanna is gá a fhorbairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach timpeallacht chothrom atá fabhrach do lucht ghnólachtaí a chothú d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun an margadh aonair a neartú. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach tionscal glan-nialasach an Aontais a neartú chun na teicneolaíochtaí agus na comhpháirteanna is gá a chur ar fáil chun an Comhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach agus go bhfuil na slabhraí soláthair athléimneacha agus éagsúlaithe lárnach chun go mbeidh tionscal na hEorpa iomaíoch i gcónaí.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil earnáil airgeadais atá athléimneach ríthábhachtach chomh maith leis an sreabhadh creidmheasa chuig an ngeilleagar a choinneáil, lena n-áirítear i gcúinsí eacnamaíocha dúshlánacha. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche agus an gá atá le clár oibre atá uaillmhianach go leor chun Aontas na Margaí Caipitil a fhorbairt a thuilleadh, ós rud é go gcuireann margaí caipitil an Aontais atá domhain agus comhtháite le hiomaíochas domhanda an Aontais a mhéadú agus rannchuidiú na hearnála príobháidí leis na riachtanais bhreise infheistíochta glaise agus digití a chur chun cinn.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a riachtanaí atá sé an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid chun inbhuanaitheacht iomaíoch an Aontais a fheabhsú. IARRANN SÍ go ndéanfar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach go dtí 2026, lena n-áirítear na bearta a bhaineann le REPowerEU. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé moltaí tírshonracha a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE a ábhartha atá moltaí nua nó coigeartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin bheartais is déanaí.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go leanfaidh an Seimeastar Eorpach in 2024 de bheith nasctha le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus gur gá comhlántacht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí le hionstraimí cistiúcháin eile den Aontas a áirithiú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go leanfar den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. IARRANN SÍ go ndéanfar an Seimeastar Eorpach a choimeád dírithe go príomha ar bheartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta, lena n-áirítear dúshláin athchóirithe agus infheistíochta nár tugadh aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus forluí ar fud sruthanna oibre faireachais éagsúla a sheachaint. LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá an ról lárnach atá ag an bhfaireachas iltaobhach sa Seimeastar Eorpach agus IARRANN SÍ go ndéanfar uainiú go leordhóthanach a thabhairt do phacáiste an earraigh.

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe ann chun feabhas a chur ar chomhordú an bheartais eacnamaíoch agus IARRANN SÍ go déanfar treoir thráthúil agus chomhleanúnach do na Ballstáit.